


Beatha Teanga



Timpeallacht Ghaelach a Chruthú

Roinnt spreagcheistanna: **Timpeallacht Ghaelach a Chruthú**

Cé a ghlacfaidh freagracht as timpeallacht Ghaelach a chruthú agus a chothú?

Cén tionchar atá ag timpeallacht ar labhairt na Gaeilge / ar an nGaeilge mar theanga an tsóisialaithe sa scoil?

Conas mar a shamhlaítear an scoil agus timpeallacht láidir Ghaelach / i nGaeilge ann?

An bhfuil sé i gceist comharthaíocht agus fógraí a chrochadh i nGaeilge amháin?

Cad is féidir a chur go feiceálach leis an timpeallacht chun timpeallacht shaibhir Ghaelach / i nGaeilge a chruthú (Cairt teanga, fáiltiú, póstaer nathanna, clár fógraí ag an gCoiste Gaeilge, grianghraif den Choiste Gaeilge, grianghraif de na hambasadóirí teanga atá sásta Gaeilge a labhairt/spreagadh i measc daoine eile)?

Má tá cúram iarscoile ann, an trí Ghaeilge atá sé á riaradh?

Roinnt spreagsmaointe: **Timpeallacht Ghaelach a Chruthú**

